088033/EU XXIV. GP
Eingelangt am 13/07/12

COUNCIL OF
THE EUROPEAN UNION

Brussels, 13 July 2012

12592/12

**Interinstitutional File:**
**2011/0301 (COD)**

JUR 407
ECOFIN 706
COMPET 503
TRANS 243
RECH 316
ENER 347
ENV 614
TELECOM 140
ECO 103
CODEC 1908

**LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF**

Subject: Regulation of the European Parliament and of the Council of 11 July 2012 amending Decision No 1639/2006/EC establishing a Competitiveness and Innovation Framework Programme (2007-2013) and Regulation (EC) No 680/2007 laying down general rules for the granting of Community financial aid in the field of the trans-European transport and energy networks

(PE-CONS 27/1/12 REV1, 11.7.2012)

LANGUAGES concerned: **GA**

PROCEDURE APPLICABLE according to the Council Statement of 1975.
(The procedures are explained in Council document 5980/07 JUR 49, available in the official languages, together with a translation of the structure of this cover page)

— Procedure 2(b) (obvious errors in one language version)

TIME LIMIT for the agreement of the Presidency and of the European Parliament (in case of acts adopted under the ordinary legislative procedure): 3 days

**Any observations regarding this corrigendum should be notified to the Presidency:**

**Mrs. Demetra Kalli and Mrs. Anna Marcoulli:**
**e-mail: dkalli@law.gov.cy**
**amarcoulli@law.gov.cy**

**IARSCRÍBHINN**

# CEARTÚCHÁN

ar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2012 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1639/2006/CE lena mbunaítear Clár Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta (2007-2013) agus Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 lena leagtar síos rialacha ginearálta maidir le cabhair airgeadais Chomhphobail a dheonú i réimse na ngréasán tras-Eorpach iompair agus fuinnimh

(PE-CONS 27/1/12 REV1, 11.7.2012)

Leathanach 3, Aithris (4), an dara habairt

In ionad:

"Níor cheart go mbeadh meathlú ar an bhfeidhmíocht ó thaobh na gcóras iompair, teileachumarsáide ná fuinnimh de ná moilliú ar fhódú an leathanbhanda mar thoradh ar dheacrachtaí na dtionscadal bonneagair rochtain a fháil ar chistiú príobháideach fadtéarmach nó ar mhaoiniú poiblí."

Léitear:

"Níor cheart go mbeadh meathlú ar an bhfeidhmíocht ó thaobh na gcóras iompair, teileachumarsáide ná fuinnimh de ná moilliú ar fhódú an leathanbhanda mar thoradh ar dheacrachtaí na dtionscadal bonneagair rochtain a fháil ar airgeadas príobháideach fadtéarmach nó ar mhaoiniú poiblí fadtéarmach."

Leathanach 3, Aithris (5), an abairt dheireanach

In ionad:

"Tá sé sin ábhartha go háirithe sa chomhthéacs é a bheith deacair rochtain a fháil ar chreidmheas, srianta a bheith ar airgeadas poiblí agus i bhfiaanaise an gá atá ann taca a chur faoi téarnamh eacnamaíoch na hEorpa."

Léitear:

"Tá sé sin ábhartha go háirithe sa chomhthéacs é a bheith deacair rochtain a fháil ar chreidmheas, srianta a bheith ar airgeadas poiblí agus i bhfianaise an gá atá ann taca a chur faoi théarnamh eacnamaíoch na hEorpa."

Leathanach 4, Aithris (7), an chéad dá abairt

In ionad:

"Ba cheart treoirthréimhse a sheoladh i gcomhair Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020 arb é is aidhm di cabhrú le tionscadail tosaíochta a mhaoiniú agus ag a bhfuil breisluach soiléir AE, agus rannpháirtíocht niós fearr na hearnála príobháidí a éascú i maoiniú fadtéarmach ag na margaí caipitil ar thionscadail i réimsí atá inmharthana go heacnamaíoch i mbonneagar an iompair, an fhuinnimh agus TFC. Rachaidh an ionstraim seo chun tairbhe do thionscadail ag a bhfuil riachtanais chomhchosúla maoinithe agus ba cheart don ionstraim, a bhuíochas do na sineirgíochtaí idir na hearnálacha, buntáistí níos fearr a chur ar fáil i dtéarmaí an tionchair ar an margadh, na héifeachtúlachta riaracháin agus na húsáide acmhainní."

Léitear:

"Ba cheart treoirthréimhse a sheoladh i gcomhair Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020 arb é is aidhm di cabhrú le tionscadail tosaíochta a mhaoiniú, ar tionscadail iad ag a bhfuil breisluach soiléir AE, agus rannpháirtíocht niós fearr na hearnála príobháidí a éascú i maoiniú fadtéarmach ag na margaí caipitil ar thionscadail i réimsí atá inmharthana go heacnamaíoch i mbonneagar an iompair, an fhuinnimh agus TFC. Rachaidh an ionstraim seo chun tairbhe do thionscadail ag a bhfuil riachtanais chomhchosúla maoinithe agus ba cheart don ionstraim, a bhuíochas do na sineirgíochtaí idir na hearnálacha, buntáistí níos fearr a chur ar fáil freisin i dtéarmaí an tionchair ar an margadh, na héifeachtúlachta riaracháin agus na húsáide acmhainní."

Leathanach 5, Aithris (8), an chéad abairt

In ionad:

"Le linn na treoirthréimhse do Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020, tá buiséad an Aontais le húsáid in éineacht le maoiniú ó BEI i bhfoirm chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail a eiseoidh cuideachtaí bannaí."

Léitear:

"Le linn na treoirthréimhse do Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020, tá buiséad an Aontais le húsáid in éineacht le maoiniú ó BEI i bhfoirm ionstraim chomhpháirteach um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail a eiseoidh cuideachtaí tionscadail."

Leathanach 5, Aithris (9), an chéad abairt

In ionad:

"I bhfianaise shaineolas seanbhunaithe BEI, agus ós rud é gurb é is príomh-airgeadaí do thionscadail bonneagair agus gurb é an comhlacht maoinithe AE arna bhunú faoin gConradh, ba cheart don Choimisiún páirt a thabhairt don BEI i gcur chun feidhme na treoirthréimhse."

Léitear:

"I bhfianaise shaineolas seanbhunaithe BEI, agus ós rud é gurb é is príomh-airgeadaí do thionscadail bonneagair agus gurb é an comhlacht maoinithe AE arna bhunú leis an gConradh, ba cheart don Choimisiún páirt a thabhairt don BEI i gcur chun feidhme na treoirthréimhse."

Leathanach 5, Aithris (9), an dara habairt

In ionad:

"Ba cheart téarmaí agus coinníollacha níos mionsonraithe, lena n-áirítear comhroinnt riosca, luach saothair, faireachán agus rialú a leagan síos i gcomhaontú ar leith comhair idir an Coimisiún agus BEI."

Léitear:

"Ba cheart téarmaí agus coinníollacha níos mionsonraithe, lena n-áirítear comhroinnt riosca, luach saothair, faireachán agus rialú a leagan síos i gcomhaontú comhair idir an Coimisiún agus BEI."

Leathanach 5, Aithris (10)

In ionad:

"(10) Ba cheart an treoirthréimhse do Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020 a sheoladh a luaithe is féidir le linn tréimhse an chreata airgeadais reatha agus ba cheart í a chur chun feidhme gan mhoill mhíchuí chun a fhionnadh an dtugann na hionstraimí airgeadais um chomhroinnt riosca sin breisluach, agus a mhéid a thugann siad é, i réimse an mhaoinithe bonneagair agus le haghaidh mhaoiniú mhargadh an chaipitil fiachais ar thionscadail bonneagair."

Léitear:

"(10) Ba cheart an treoirthréimhse do Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020 a sheoladh a luaithe is féidir le linn tréimhse an chreata airgeadais reatha agus ba cheart í a chur chun feidhme gan mhoill mhíchuí chun a fhionnadh an dtugann na hionstraimí airgeadais um chomhroinnt riosca sin breisluach, agus a mhéid a thugann siad é, i réimse an mhaoinithe bonneagair agus le haghaidh forbairt ar mhaoiniú mhargadh an chaipitil fiachais ar thionscadail bonneagair."

Leathanach 6, Aithris (11), an chéad abairt

In ionad:

"Ba cheart an treoirthréimhse a chistiú trí bhuiséid a athdhíreofar i mbuiséad 2012 agus i mbuiséad 2013 ó na cláir iompair, fuinnimh agus theileachumarsáide atá ann cheana. Chun na críche sin, ba cheart go bhféadfaí suimeanna chomh hard le EUR 200 milliún a athdhíriú le haghaidh an tionscnaimh seo ó bhuiséad GTE-I, suas le EUR 20 milliún ó bhuiséad an Chláir Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta agus suas le EUR 10 milliún ó bhuiséad Fhuinnimh GTE ("GTE-F")."

Léitear:

"Ba cheart an treoirthréimhse a chistiú trí bhuiséid a athdhíreofar i mbuiséad 2012 agus i mbuiséad 2013 ó na cláir iompair, fuinnimh agus theileachumarsáide atá ann cheana. Chun na críche sin, ba cheart go bhféadfaí suas le EUR 200 milliún a athdhíriú le haghaidh an tionscnaimh seo ó bhuiséad GTE-I, suas le EUR 20 milliún ó bhuiséad an Chláir Réime Iomaíochais agus Nuálaíochta agus suas le EUR 10 milliún ó bhuiséad Fhuinnimh GTE ("GTE-F")."

Leathanach 6, Aithris (12), an chéad abairt

In ionad:

"Ba cheart do BEI cistí buiséadacha a iarraidh ar bhonn raon tionscadal a mheasfaidh BEI agus an Coimisiún a bheith oiriúnach, i gcomhréir le cuspóirí beartais fadtéarmacha an Aontais agus gur dócha go gcuirfear i gcrích iad."

Léitear:

"Ba cheart do BEI cistí buiséadacha a iarraidh ar bhonn raon tionscadal, is tionscadail a mheasfaidh BEI agus an Coimisiún a bheith oiriúnach, a bheith i gcomhréir le cuspóirí beartais fadtéarmacha an Aontais agus gur dóchúil go gcuirfear i gcrích iad."

Leathanach 7, Aithris (16), an chéad abairt

In ionad:

"Ba cheart treoirthréimhse Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020 a lainseáil mar ullmhúchán i gcomhair na Saoráide Cónasctha don Eoraip mar a mhol an Coimisiún."

Léitear:

"Ba cheart treoirthréimhse Thionscnamh Bannaí Tionscadail Eoraip 2020 a sheoladh mar ullmhúchán i gcomhair na Saoráide Cónasctha don Eoraip mar a mhol an Coimisiún."

Leathanach 12, Airteagal 1(3)(b), mír 2b, an abairt dheireanach

In ionad:

"Ní bheidh aon dliteanas eile ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Is é BEI a iompróidh i gcónaí an riosca iarmharach atá gaolmhar do na hoibríochtaí banna tionscadail sin."

Léitear:

"Ní bheidh aon dliteanas eile ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Is é BEI a iompróidh i gcónaí an riosca fuílligh atá gaolmhar do na hoibríochtaí banna tionscadail sin."

Leathanach 19, Airgeagal 1 (4), i dtéacs Iarscribhinn IIIa, pointe (k), an ceathrú mír, an abairt leathdheireanach

In ionad:

"Cumhdóidh an mheastóireacht freisin an tionchar ar inmharthanacht airgeadais, méid, téarmaí agus costais eisiúna bannaí, an éifeacht ar na margaí bannaí i gcoitinne mar aon le rialú ar ghnéithe creidiúnaí agus soláthair."

Léitear:

"Cumhdóidh an mheastóireacht freisin an tionchar ar inmharthanacht airgeadais na dtionscadal, méid, téarmaí agus costais eisiúna bannaí, an éifeacht ar na margaí bannaí i gcoitinne mar aon le rialú ar ghnéithe creidiúnaí agus soláthair."

Leathanach 20, Airteagal 2,(1), pointe (14), an chéad abairt

In ionad:

"ciallaíonn an 'ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail' comhionstraim ag an gCoimisiún agus ag BEI a sholáthraíonn breisluach mar idirghabháil an Aontais, a thugann aghaidh ar an staid infheistíochta fho-optamach sa chás nach bhfaigheann tionscadail maoiniú dóthanach ó na margaí, agus a sholáthraíonn breisíocht, trí mhaoiniú ó Bhallstáit nó ón earnáil phríobháideach a chomhlánú nó a mhealladh."

Léitear:

"ciallaíonn an 'ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail' ionstraim chomhpháirteach ag an gCoimisiún agus ag BEI a sholáthraíonn breisluach mar idirghabháil an Aontais, a thugann aghaidh ar an staid infheistíochta fho-optamach sa chás nach bhfaigheann tionscadail maoiniú dóthanach ó na margaí, agus a sholáthraíonn breisíocht, trí mhaoiniú ó Bhallstáit nó ón earnáil phríobháideach a chomhlánú nó a mhealladh."

Leathanach 20, Airteagal 2,(1), pointe (14), an abairt dheireanach

In ionad:

"Tá an ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail i bhfoirm feabhsú creidmheasa do thionscadail leasa choitinn, maolaítear leisan riosca fiach-sheirbhíse atá ag tionscadal agus riosca creidmheasa na sealbhóirí bannaíagus ní bhainfear úsáid aisti ach amháin le haghaidh tionscadal a bhfuil a n-inmharthanacht airgeadais bunaithe ar ioncaim tionscadail."

Léitear:

"Tá an ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail i bhfoirm feabhsú creidmheasa do thionscadail leasa choitinn, maolaítear leis an riosca fiach-sheirbhíse atá ag tionscadal agus riosca creidmheasa na sealbhóirí bannaíagus ní bhainfear úsáid aisti ach amháin le haghaidh tionscadal a bhfuil a n-inmharthanacht airgeadais bunaithe ar ioncaim tionscadail."

Leathanach 24, Airteagal 2(5)

In ionad:

"(5) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 17(1):

'Maidir leis an tuarascáil eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 16(2a), beidh liosta de na tionscadail a mbeidh tairbhe bainte acu as an ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(g), maille le faisnéis faoi théarmaí na mbannaí a eisíodh agus na cineálacha infheisteoirí, idir infheisteoirí reatha agus infheisteoirí ionchasacha don todhchaí.'."

Léitear:

"(5) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 17(1):

'Maidir leis an tuarascáil eatramhach dá dtagraítear in Airteagal 16(2a), beidh liosta ann freisin de na tionscadail a mbeidh tairbhe bainte acu as an ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(g), maille le faisnéis faoi théarmaí na mbannaí a eisíodh agus na cineálacha infheisteoirí, idir infheisteoirí reatha agus infheisteoirí ionchasacha don todhchaí.'."

Leathanach 25, Airteagal 2, (7) i dtéacs Iarscríbhinn I(a)(1)

In ionad:

"1. Déanfar an ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail do gach tionscadal incháilithe a cheapadh mar shaoráid fho-ordaithe, i bhfoirm ionstraime fiachais nó saoráide (ráthaíochta) teagmhasaí nó an dá cheann chun éascú a dhéanamh ar bhanna tionscadail a eisiúint."

Léitear:

"1. Déanfar an ionstraim um chomhroinnt riosca i gcomhair bannaí tionscadail do gach tionscadal incháilithe a cheapadh mar shaoráid fho-ordaithe, i bhfoirm ionstraime fiachais nó saoráide (ráthaíochta) teagmhasaí nó an dá cheann, chun éascú a dhéanamh ar bhanna tionscadail a eisiúint."

Leathanach 26, Airteagal 2(7)(b), i dtéacs Iarscríbhinn Ia, pointe (b), an mhír dheireanach

In ionad:

"Más gá, féadfaidh an réamhaisnéis sin fónamh mar bhunús do laghdú éileamhbhunaithe ar na suimeanna a ndéanfar iad a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2)."

Léitear:

"Más gá, féadfaidh an réamhaisnéis sin fónamh mar bhunús do laghdú éileamhbhunaithe ar na méideanna a ndéanfar iad a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 15(2)."

Leathanach 28, Airteagal 2(7) i dtéacs Iarscríbhinn Ia, pointe (e), sa teideal

In ionad:

"(e) Roinnt riosca agus ioncaim"

Léitear:

"(e) Comhroinnt riosca agus ioncaim"